C/2024/5914

30.9.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11727 – SWISS LIFE / NBIM / GAITÉ)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5914)

1. An 24 Meán Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— NBRE Germany AS (an Iorua) de chuid Norges Bank (an Iorua),

— Swiss Life Holding AG ('Swiss Life', An Eilvéis),

— SCI Gaité Bureaux ('Gaité', an Fhrainc).

Gheobhaidh NBRE Germany AS agus Swiss Life rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Gaité ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is fochuideachta faoi lánúinéireacht Norges Bank é NBRE Germany AS. Déanann Norges Bank, trína rannán bainistíochta infheistíochta NBIM, bainistiú laethúil ar Government Pension Fund Global ('GPFG') thar ceann Aireacht Airgeadais na hIorua. Tá gníomhaíochtaí gnó NBIM dírithe ar infheistíochtaí domhanda lena n-áirítear infheistíocht in eastáit réadaigh neamhliostaithe i Meiriceá Thuaidh, san Eoraip, sa Ríocht Aontaithe agus sa tSeapáin. Is é is cuspóir do NBRE Germany AS infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí/struchtúir shealbhaíochta arna mbunú nó arna bhfáil san Iorua nó sa Ghearmáin i ndáil le hinfheistíochtaí réadmhaoine príobháideacha GPFG atá á mbainistiú ag NBIM agus úinéireacht na gcuideachtaí/struchtúir sin.

— Soláthraíonn Swiss Life árachas saoil, pinsin agus réitigh airgeadais chuimsitheacha. Tá Swiss Life Group gníomhach san earnáil árachas saoil, agus in earnáil na hinfheistíochta agus bainistíochta sócmhainní freisin; soláthraíonn sé réitigh sochair fostaithe freisin do chorparáidí ilnáisiúnta san Eoraip agus san Áise.

— Is *société civile immobilière* (cuideachta réadmhaoine neamhthrádála) é Gaité, atá lonnaithe i bhfoirgneamh oifige i bPáras.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11727 – SWISS LIFE / NBIM / GAITÉ

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË